BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an Cúigiú Dlísheomra)

18 Nollaig 2025 *

(Tarchur chun réamhrialú – Limistéar saoirse, slándála agus ceartais – Beartas tearmainn – Treoir 2013/33/AE – Daoine a dhéanann iarratas ar chosaint idirnáisiúnta – Airteagal 7 – Áit chónaithe – Airteagal 18 – Dálaí glactha ábharacha – Cóiríocht – Ionaid chóiríochta – Aistriú – Diúltú an iarratasóra – Airteagal 20(1)(a) – Teorannú nó aistarraingt dálaí glactha ábharacha i gcásanna eisceachtúla a bhfuil údar cuí leo – Áit chónaithe a fhágáil gan na húdaráis inniúla a chur ar an eolas nó gan údarú – Airteagal 20(4) – Mainneachtain thromchúiseach rialacha an ionaid cóiríochta a chomhlíonadh – Airteagal 20(5) – Comhréireacht – Caighdeán dínite maireachtála – Airteagal 21 – Iarratasóirí a thagann faoi chatagóir na ndaoine leochaileacha – Airteagal 23 – Mionaoisigh – Rogha, do Bhallstát, dálaí glactha ábharacha a tharraingt siar i gcás ina ndiúltaíonn an t-iarratasóir aistriú chuig ionad cóiríochta eile)

I gCás C-184/24 [Sidi Bouzid] [i],

IARRAIDH ar réamhrialú faoi Airteagal 267 CFAE ón Tribunale amministrativo regionale per la Lombardia (Cúirt Riaracháin Réigiúnach na Lombairde, an Iodáil), trí bhreith an 5 Márta 2024, a fuarthas ag an gCúirt an 7 Márta 2024, sna himeachtaí

AF, ag gníomhú thar a cheann féin agus ina cháil mar ionadaí dlíthiúil dá leanbh mionaoiseach BF,

v

Ministero dell'Interno – U.T.G. – Prefettura di Milano,

tugann AN CHÚIRT (an Cúigiú Dlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: M. L. Arastey Sahún, Uachtarán Dlísheomra, J. Passer, E. Regan, D. Gratsias (Rapóirtéir) agus B. Smulders, Breithiúna,

Abhcóide Ginearálta: J. Richard de la Tour,

Cláraitheoir: A. Calot Escobar,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn,

* Teanga an cháis: an Iodáilis.

[i] Is ainm bréige é ainm an cháis seo. Ní fhreagraíonn sé d'fhíorainm aon pháirtí sna himeachtaí.

tar éis breithniú a dhéanamh ar na barúlacha arna dtíolacadh thar ceann na bpáirtithe seo a leanas:

– AF, ag gníomhú thar a cheann féin agus ina cháil mar ionadaí dlíthiúil dá leanbh mionaoiseach, ag M. Gonzo, avvocata,

– Rialtas na hIodáile, ag S. Fiorentino agus G. Palmieri, i gcáil Gníomhairí, le cúnamh ó L. D'Ascia agus D. G. Pintus, avvocati dello Stato,

– Rialtas na Beilge, ag M. Jacobs agus M. Van Regemorter, i gcáil Gníomhairí, le cúnamh ó A. Deteux, avocat,

– Rialtas na Cipire, ag I. Neophytou agus F. Sotiriou, i gcáil Gníomhairí,

– Rialtas na Polainne, ag B. Majczyna agus D. Lutostańska, i gcáil Gníomhairí,

– an Coimisiún Eorpach, ag F. Blanc, M. Debieuvre agus F. Tomat, i gcáil Gníomhairí,

tar éis éisteacht le Tuairim an Abhcóide Ghinearálta ag éisteacht an 19 Meitheamh 2025,

an Breithiúnas seo a leanas:

Breithiúnas

1 Baineann an iarraidh ar réamhrialú le léiriú Airteagal 20 de Threoir 2013/33/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 lena leagtar síos caighdeáin a bhaineann le hiarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta a ghlacadh (IO 2013 L 180, lch. 96).

2 Rinneadh an iarraidh seo in imeachtaí idir an t-iarratasóir ar chosaint idirnáisiúnta, AF, ag gníomhú dó ina ainm féin agus ina cháil mar ionadaí dlíthiúil a linbh mhionaoisigh BF, agus an Ministero dell'Interno – U.T.G. - Prefettura di Milano (an Aireacht Gnóthaí Baile – U.T.G. – Maoracht Milano, an Iodáil) maidir le cinneadh Maoracht Milano tarraingt siar ó AF agus óna leanbh mionaoiseach, BF, na dálaí glactha ábharacha uile tar éis do AF diúltú arís agus arís eile a aistriú agus aistriú BF a chomhlíonadh in ionad cóiríochta seachas an t-ionad ina bhfuil siad i láthair.

An dlí lena mbaineann

Dlí an Aontais

Treoir 2013/32/AE

3 Foráiltear le hAirteagal 13 de Threoir 2013/32/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le nósanna imeachta coiteanna chun cosaint idirnáisiúnta a dheonú agus a tharraingt siar (IO 2013 L 180, lch. 60), dar teideal 'Oibleagáidí na n-iarratasóirí':

'1. Déanfaidh na Ballstáit an oibleagáid comhoibriú leis na húdaráis inniúla a fhorchur ar iarratasóirí d'fhonn deimhniú a dhéanamh ar a gcéannacht agus eilimintí eile dá dtagraítear in

Airteagal 4(2) de Threoir 2011/95/AE [ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le caighdeáin i dtaca le cáiliú náisiúnach tríú tír nó daoine gan stát mar thairbhithe de chosaint idirnáisiúnta, ar mhaithe le stádas aonfhoirmeach do dhídeanaithe nó do dhaoine atá incháilithe le haghaidh cosaint choimhdeach, agus inneachar na cosanta a thugtar (IO 2011 L 337, lch. 9)]. Féadfaidh na Ballstáit oibleagáidí eile chun comhoibriú leis na húdaráis inniúla a fhorchur ar iarratasóirí sa mhéid go bhfuil gá leis na hoibleagáidí sin chun an t-iarratas a phróiseáil.

2. Go háirithe, féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir leis an méid seo a leanas:

(a) go gceanglófar ar iarratasóirí tuairisciú do na húdaráis inniúla nó teacht os a gcomhair go pearsanta, gan mhoill nó ag am sonraithe;

[...]

(c) go gceanglófar ar iarratasóirí na húdaráis inniúla a chur ar an eolas faoina n-áit chónaithe nó a seoladh reatha agus faoi aon athrú air sin a luaithe is féidir. Féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh go mbeidh ar an iarratasóir aon chumarsáid a ghlacadh ag an áit chónaithe is déanaí nó ag an seoladh a luaigh sé dá réir sin;

[...]'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

4 Foráiltear le hAirteagal 28 de Threoir 2013/32, dar teideal 'Nós imeachta i gcás ina ndéantar an t-iarratas a tharraingt siar nó a aisghabháil go hintuigthe':

'1. I gcás ina bhfuil forais thromchúiseacha ann lena mheas go bhfuil iarratasóir tar éis a iarratas nó a hiarratas a tharraingt siar nó a thréigean go hintuigthe, áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh an t-údarás cinntitheach cinneadh scor de scrúdú a dhéanamh ar an iarratas nó, a mhéid a mheasann an t-údarás cinntitheach go bhfuil an t-iarratas gan bhunús ar bhonn scrúdú iomchuí ar shubstaint an iarratais, i gcomhréir le hAirteagal 4 de Threoir [2011/95], an t-iarratas a dhiúltú.

Féadfaidh na Ballstáit a thoimhdiú go ndearna an t-iarratasóir a iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a tharraingt siar nó a aisghabháil go hintuigthe, go háirithe i gcás ina gcinntear an méid seo a leanas:

(a) nár fhreagair sé nó sí iarrataí ar fhaisnéis a sholáthar atá riachtanach dá iarratas nó dá hiarratas, i bhfianaise Airteagal 4 de Threoir [2011/95], nó nár fhreastail sé nó sí ar agallamh pearsanta i gcomhréir le hAirteagail 14 go 17 den Treoir seo, mura gcuireann an t-iarratasóir fianaise ar fáil, laistigh de thréimhse réasúnta, nach raibh neart aige nó aici ar an neamhláithreacht sin;

(b) gur theith sé nó sí nó gur fhág sé nó sí an áit ina raibh cónaí air nó uirthi nó inar cuireadh faoi choinneáil é nó í gan údarú, gan teagmháil a dhéanamh leis an údarás inniúil laistigh de thréimhse réasúnach ama nó gur mhainnigh sé nó sí an oibleagáid maidir le tuairisciú go tráthrialta do na húdaráis nó oibleagáidí tuairiscithe eile a chomhlíonadh laistigh de thréimhse réasúnach ama, mura léiríonn an t-iarratasóir gur imthosca nach raibh neart aige nó aici orthu ba chúis leis sin.

[...]'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

Treoir 2013/33

5 Luaitear an méid seo a leanas in aithrisí 22, 25, 26 agus 35 de Threoir 2013/33:

‘(22) Agus cinneadh á dhéanamh faoi shocruithe cóiríochta, ba cheart do na Ballstáit leas an linbh, chomh maith le himthosca ar leith aon iarratasóra atá spleách ar bhaill teaghlaigh nó ar gharghaolta amhail deartháireacha nó deirfiúracha mionaoiseacha neamhphósta atá i láthair sa Bhallstát cheana féin, a chur san áireamh.

[...]

(25) Ba cheart srian a chur leis an bhféidearthacht go mbainfí mí-úsáid as an gcóras glactha trí na himthosca a shonrú ina bhféadfaí dálaí glactha ábharacha d’iarratasóirí a laghdú nó a tharraingt siar agus, ag an am céanna, caighdeán maireachtála díniteach a áirithiú do gach iarratasóir.

(26) Ní mór éifeachtacht na gcóras glactha náisiúnta [...] a áirithiú.

[...]

(35) Leis an Treoir seo, urramaítear na cearta bunúsacha agus comhlíontar na prionsabail a aithnítear go háirithe sa Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Go háirithe, féachtar leis an Treoir seo le dínit an duine a urramú go hiomlán agus le cur i bhfeidhm Airteagail 1, 4, 6, 7, 18, 21, 24 agus 47 den Chairt a chur chun cinn agus ní mór í a chur chun feidhme dá réir.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

6 Foráiltear le hAirteagal 2 den Treoir sin, dar teideal ‘Sainmhínithe’:

‘Chun críocha na Treorach seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

[...]

(f) ciallaíonn “dálaí glactha” an tsraith iomlán de bhearta a dheonaíonn na Ballstáit d’iarratasóirí i gcomhréir leis an Treoir seo;

(g) ciallaíonn “dálaí glactha ábharacha” na dálaí glactha ar a n-áirítear cóiríocht, bia agus éadaí a sholáthraítear i gcomhchineál, mar liúntais airgeadais, i bhfoirm dearbháin, nó mar mheascán de na roghanna sin, chomh maith le liúntas speansas laethúil;

[...]

(i) ciallaíonn “ionad cóiríochta” aon áit a úsáidtear chun comhchóiríocht a chur ar fáil d’iarratasóirí;

[...]’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

7 Is mar seo a leanas atá an fhoclaíocht in Airteagal 3(1) den Treoir sin:

‘Beidh feidhm ag an Treoir seo maidir le gach náisiúnach tríú tír agus gach duine gan stát a dhéanann iarratas ar chosaint idirnáisiúnta ar chríoch Bhallstáit [...] fad a cheadaítear dóibh fanacht ar an gcríoch mar iarratasóirí, agus maidir lena mbaill teaghlaigh, má chumhdaítear iad le hiarratas den sórt sin ar chosaint idirnáisiúnta i gcomhréir leis an dlí náisiúnta.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

8 Foráiltear le hAirteagal 7(2) go (5) den Treoir sin, dar teideal ‘Cónaí agus saoirse gluaiseachta’:

‘2. Féadfaidh na Ballstáit cinneadh a dhéanamh maidir le háit chónaithe an iarratasóra ar chúiseanna a bhaineann le leas an phobail nó leis an ord poiblí nó, i gcás inarb infheidhme, chun próiseáil thapa agus faireachán éifeachtach a dhéanamh ar a iarratas nó a hiarratas ar chosaint idirnáisiúnta.

3. Féadfaidh na Ballstáit soláthar na ndálaí glactha ábharacha a chur faoi réir chónaí iarbhír na n-iarratasóirí in áit shonrach a bheidh le cinneadh ag na Ballstáit. Déanfar cinntí den sórt sin, a d’fhéadfadh a bheith de chineál ginearálta, ar bhonn cás ar chás agus bunaithe ar an dlí náisiúnta.

4. Déanfaidh na Ballstáit foráil maidir leis an bhféidearthacht údarú sealadach a thabhairt d’iarratasóirí an áit chónaithe dá dtagraítear i míreanna 2 agus 3 a fhágáil. Déanfar cinntí ar bhonn cás ar chás, go hoibiachtúil agus go neamhchlaonta, agus tabharfar cúiseanna i gcás ina mbeidh siad diúltach.

[...]

5. Cuirfidh na Ballstáit de cheangal ar iarratasóirí fógra a thabhairt do na húdaráis inniúla faoina seoladh agus faoi aon athrú ar a seoladh a luaithe is féidir.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

9 De réir Airteagal 12 de Threoir 2013/33, dar teideal ‘Teaghlaigh’:

‘I gcás ina gcuirfidh Ballstát cóiríocht ar fáil d’iarratasóirí, glacfaidh sé bearta iomchuí chun aontacht teaghlaigh atá laistigh dá chríoch a choinneáil, a mhéid is féidir. Cuirfear na bearta sin chun feidhme le toiliú an iarratasóra.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

10 Foráiltear le hAirteagal 14(1) den Treoir sin, dar teideal ‘Scolaíocht agus oideachas do mhionaoisigh’:

‘Deonóidh na Ballstáit rochtain ar an gcóras oideachais do leanaí mionaoiseacha iarratasóirí agus iarratasóirí ar mionaoisigh iad faoi dhálaí atá cosúil leis na dálaí a leagtar síos dá náisiúnaigh féin fad nach ndéantar beart díbeartha ina gcoinne nó i gcoinne a dtuismitheoirí a fhorfheidhmiú. [...]

[...]’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

11 Foráiltear le hAirteagal 17(1) agus (2) den Treoir sin, dar teideal ‘Rialacha ginearálta maidir le dálaí glactha ábharacha agus cúram sláinte’:

‘1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh fáil ag iarratasóirí ar dhálaí glactha ábharacha nuair a dhéanfaidh siad iarratas ar chosaint idirnáisiúnta.

2. Ní mór do Bhallstáit a áirithiú freisin go soláthraítear leis na bearta arna nglacadh caighdeán leordhóthanach maireachtála le haghaidh iarratasóirí, lena n-áirithítear a gcothú agus lena gcosnaítear a sláinte fhisiciúil agus mheabhrach.

Áiritheoidh na Ballstáit go ráthófar an caighdeán maireachtála sin ach go háirithe i gcás daoine leochaileacha, i gcomhréir le hAirteagal 21 […]’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

12 Foráiltear le hAirteagal 18(1) go (3) agus (6) den Treoir sin, dar teideal ‘Modúlachtaí maidir leis na dálaí glactha ábharacha’:

‘1. I gcás ina gcuirfear cóiríocht ar fáil i gcomhchineál, cuirfear ar fáil í i gceann de na foirmeacha seo a leanas […]:

[…]

(b) ionaid chóiríochta ina n-áirithítear caighdeán maireachtála leordhóthanach;

[…]

2. […] maidir leis na teaghaisí dá dtagraítear i mír 1(a), (b) agus (c) den Airteagal seo, áiritheoidh na Ballstáit an méid seo a leanas:

a) go ráthófar cosaint do shaol teaghlaigh iarratasóirí;

[…]

3. I gcás ina mbeidh iarratasóirí sna háitribh agus sna hionaid chóiríochta dá dtagraítear i mír 1(a) agus (b), cuirfidh na Ballstáit […] staid daoine leochaileacha san áireamh.

[…]

6. Áiritheoidh na Ballstáit nach n-aistreofar iarratasóirí ó shaoráid cóiríochta amháin go ceann eile ach amháin más gá. […]’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

13 Foráiltear le hAirteagal 20(1) go (5) de Threoir 2013/33, dar teideal ‘Dálaí glactha ábharacha a laghdú nó a tharraingt siar’:

‘1. Féadfaidh na Ballstáit dálaí ábhartha glactha a laghdú nó, i gcásanna eisceachtúla agus a bhfuil údar cuí leo, iad a tharraingt siar sna cásanna seo a leanas:

(a) má thréigeann an t-iarratasóir an áit chónaithe arna cinneadh ag an údarás inniúil gan an t-údarás inniúil a chur ar an eolas nó, arna iarraidh sin, gan chead; nó

(b) mura gcomhlíonann an t-iarratasóir na dualgais maidir le tuairisciú nó na hiarrataí maidir le faisnéis a chur ar fáil nó maidir le bheith i láthair le haghaidh agallaimh phearsanta a bhaineann leis an nós imeachta tearmainn le linn tréimhse réasúnach a leagtar síos sa dlí náisiúnta; nó

(c) má dhéanann an t-iarratasóir iarratas a thaisceadh ina dhiaidh sin mar a shainmhínítear in Airteagal 2(q) de Threoir [2013/32].

Maidir le cás (a) agus cás (b), má aimsítear an t-iarratasóir nó má thuairiscíonn sé go deonach don údarás inniúil, déanfar cinneadh cuí-réasúnaithe, bunaithe ar na cúiseanna a thug ar an iarratasóir imeacht, maidir leis na dálaí glactha ábharacha ar fad a tarraingíodh siar nó a laghdaíodh, nó cuid díobh, a thabhairt ar ais.

2. Féadfaidh na Ballstáit dálaí glactha ábharacha a laghdú freisin i gcás inar féidir leo a fhianú nach bhfuil iarratas ar chosaint idirnáisiúnta taiscthe ag an iarratasóir, gan cúis bhailí, a luaithe is féidir tar éis don iarratasóir teacht go dtí an Ballstát sin.

3. Féadfaidh na Ballstáit dálaí glactha ábharacha a laghdú nó a tharraingt siar i gcás ina bhfuil acmhainní airgeadais ceilte ag iarratasóir agus, dá bhrí sin, gur bhain an t-iarratasóir tairbhe mhíchuí as dálaí glactha ábharacha.

4. Féadfaidh na Ballstáit na pionóis is infheidhme a chinneadh i gcás mainneachtain thromchúiseach rialacha na n-ionad cóiríochta a chomhlíonadh agus i gcás iompar an-fhoréigneach.

5. Maidir leis na cinntí faoi dhálaí glactha ábharacha a laghdú nó a tharraingt siar nó faoi na smachtbhannaí dá dtagraítear i míreanna 1, 2, 3 agus 4 den Airteagal seo, déanfar iad ar bhonn gach cáis aonair, ar bhealach oibiachtúil agus neamhchlaonta, agus tabharfar cúiseanna leo. Beidh na cinntí bunaithe ar chás ar leith an duine lena mbaineann, go háirithe maidir le daoine a chumhdaítear faoi Airteagal 21, agus prionsabal na comhréireachta á chur san áireamh. Áiritheoidh na Ballstáit i ngach cás go mbeidh rochtain ag iarratasóirí ar chúram sláinte i gcomhréir le hAirteagal 19 agus go mbeidh caighdeán maireachtála sách maith acu ar fad.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

14 Foráiltear le hAirteagal 21 de Threoir 2013/33, dar teideal ‘Prionsabal ginearálta’, go gcuirfidh na Ballstáit san áireamh ina ndlí náisiúnta lena dtrasuitear an Treoir sin staid ar leith daoine leochaileacha, go háirithe mionaoisigh agus tuismitheoirí aonair a bhfuil leanaí mionaoiseacha acu. De réir Airteagal 22(1) den Treoir sin, dar teideal ‘Measúnú ar riachtanais glactha speisialta

daoine leochaileacha', ní mór do na Ballstáit, chun críocha chur chun feidhme éifeachtach Airteagal 21 den Treoir sin, a mheas an iarratasóir é an t-iarratasóir a bhfuil riachtanais ghlactha speisialta aige. Ní mór do na Ballstáit cineál na riachtanas sin a shonrú freisin.

15 Foráiltear le hAirteagal 23(1), (2) agus (5) den Treoir sin, dar teideal 'Mionaoisigh':

'1. Tabharfaidh na Ballstáit tús áite do leas an linbh agus forálacha na Treorach seo a bhaineann le mionaoisigh á dtrasuí acu. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh caighdeán maireachtála ag mionaoisigh ar leor é ar mhaithe le forbairt coirp, mheabhrach, spioradálta, mhorálta agus shóisialta an mhionaoisigh.

2. Agus measúnú á dhéanamh ar leas an linbh, cuirfidh na Ballstáit na tosca seo a leanas go háirithe san áireamh:

[...]

(b) folláine agus forbairt shóisialta an mhionaoisigh, agus cúlra an mhionaoisigh á chur san áireamh go háirithe;

[...]

5. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar leanaí mionaoiseacha iarratasóirí nó iarratasóirí ar mionaoisigh iad a chur i gcóiríocht in éineacht lena dtuismitheoirí [...]'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

16 Foráiltear le hAirteagal 26(1) den Treoir sin, dar teideal 'Achomhairc':

'Áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfaidh cinntí a bhaineann le sochair a dheonú, a tharraingt siar nó a laghdú faoin Treoir seo nó cinntí arna ndéanamh de bhun Airteagal 7 a dhéanann difear d'iarratasóirí ar bhonn aonair a bheith faoi réir achomhairc laistigh de na nósanna imeachta a leagtar síos sa dlí náisiúnta. Déanfar foráil, ag an gcéim dheireanach ar a laghad, maidir leis an bhféidearthacht leigheasanna dlí a fháil ar phointí fíorais agus dlí os comhair údarás breithiúnach.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

Dlí na hIodáile

17 In Airteagal 17(1) de decreto legislativo n. 142 – Attuazione della direttiva 2013/33/UE recante norme relative all'accoglienza dei richiedenti protezione internazionale, nonché della direttiva 2013/32/UE, recante procedure comuni ai fini del riconoscimento e della revoca dello status di protezione internazionale (Foraithne Reachtach Uimh. 142 lena gcuirtear chun feidhme Treoir 2013/33/AE lena leagtar síos caighdeáin a bhaineann le hiarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta a ghlacadh agus Treoir 2013/32/AE maidir le nósanna imeachta coiteanna chun cosaint idirnáisiúnta a dheonú agus a tharraingt siar) an 18 Lúnasa 2015 (GURI Uimh. 214 an 15 Meán Fómhair 2015), arna leasú le decreto-legge n. 20 – Disposizioni urgenti in materia di flussi di ingresso legale dei lavoratori stranieri e di prevenzione e contrasto all'immigrazione irregolare (Foraithne Uimh. 20 lena leagtar síos forálacha práinneacha maidir le sreafaí iontrála dlíthiúla oibrithe eachtracha agus maidir leis an inimirce neamhdhleathach a chosc agus a chomhrac), an 10 Márta 2023 (GURI Uimh. 59 an 10 Márta 2023), a tiontaíodh ina dhlí, le leasuithe, ag legge

n. 50 (Dlí Uimh. 50) an 5 Bealtaine 2023 (GURI Uimh. 104 an 5 Bealtaine 2023) ('Foraithne Reachtach Uimh. 142'), dar teideal 'Cóiríocht do dhaoine a bhfuil riachtanais speisialta acu', foráiltear an méid seo a leanas:

'Cuirfear san áireamh sna bearta glactha dá bhforáiltear san Fhoraithne seo staid shonrach daoine leochaileacha, amhail mionaoisigh, [...] tuismitheoirí aonair a bhfuil leanaí mionaoiseacha acu [...]'

18 Foráiltear le hAirteagal 23(1) go (4) d'Fhoraithne Reachtach Uimh. 142, dar teideal 'Dálaí glactha ábharacha a laghdú nó a tharraingt siar':

'1. Déanfaidh Maor an chúige ina bhfuil na struchtúir dá dtagraítear in Airteagail 9 agus 11 lonnaithe ordú réasúnaithe a ghlacadh lena dtarraingeofar siar bearta glactha sna cásanna seo a leanas:

(a) ní thuairiscíonn an t-iarratasóir don tsaoráid shainaitheanta nó tréigeann sé an t-ionad cóiríochta, gan cumarsáid réasúnaithe roimh ré leis an maoracht – stiúrthóireacht chríochach an rialtais inniúil;

(b) ní thagann an t-iarratasóir i láthair ag an éisteacht os comhair an chomhlachta a scrúdóidh an t-iarratas;

(c) cuireann an t-iarratasóir iarratas nua isteach de réir bhrí Airteagal 29 de [decreto legislativo n. 25 – Attuazione della direttiva 2005/85/CE recante norme minime per le procedure applicate negli Stati membri ai fini del riconoscimento e della revoca dello status di rifugiato (Foraithne Reachtach Uimh. 25 lena gcuirtear chun feidhme Treoir 2005/85/CE maidir le caighdeáin íosta i ndáil le nósanna imeachta i mBallstáit chun stádas dídeanaí a dheonú agus a tharraingt siar) an 28 Eanáir 2008 (GURI Uimh. 40 an 16 Feabhra 2008)], arna leasú ina dhiaidh sin;

(d) suitear go bhfuil acmhainní eacnamaíocha leordhóthanacha ag an iarratasóir.

2. I gcás ina ndéanann an t-iarratasóir ar chosaint idirnáisiúnta sárú tromchúiseach nó athshárú ar rialacha na saoráide ina bhfuil cóiríocht aige, lena n-áirítear i gcás damáiste d'aon ghnó do mhaoin shochorraithe nó do mhaoin dhochorraithe, nó i gcás iompar fíor-fhoréigneach, fiú lasmuigh den tsaoráid chóiríochta, déanfaidh an Maor, gan dochar don chumhacht ordú a thabhairt an t-iarratasóir a aistriú chuig saoráid eile, ceann amháin nó níos mó de na bearta seo a leanas a ghlacadh:

(a) eisiamh sealadach ó rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí arna n-eagrú ag bainisteoir an lárionaid;

(b) eisiamh sealadach ó rochtain ar cheann amháin nó níos mó de na seirbhísí dá dtagraítear sa dara habairt d'Airteagal 10(1), cé is moite de chúnamh ábhartha;

(c) na sochair eacnamaíocha choimhdeacha dá bhforáiltear sna sonraíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 12 a chur ar fionraí, ar feadh thréimhse 30 lá suas le 6 mhí, nó a tharraingt siar.

2-a. Glacfar na bearta dá dtagraítear san Airteagal seo ar bhonn aonair, i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta agus staid an iarratasóra á cur san áireamh, lena n-áirítear na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 17, agus luafar iontu na cúiseanna ar a bhfuil siad bunaithe. Déanfar

na bearta arna nglacadh ag an Maor maidir leis an iarratasóir a chur in iúl don choimisiún críochach atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar an iarratas ar chosaint idirnáisiúnta.

3. Sa chás dá dtagraítear i mír 1(a), cuirfidh bainisteoir an lárionaid maoracht – stiúrthóireacht chríochach an rialtais ar an eolas láithreach faoi mhainneachtain an iarratasóra é féin a chur i láthair ag an lárionad nó go bhfuil an t-iarratasóir tar éis an lárionad a thréigean. Má aimsítear an t-iarrthóir tearmainn nó má chuireann sé é féin i láthair go deonach don tseirbhís forfheidhmithe dlí nó don ionad sannta, ordóidh an Maor a bhfuil dlínse chríche aige, trí bhíthin beart réasúnaithe, ar bhonn na faisnéise a chuirfidh an t-iarratasóir ar fáil, go bhféadfaí na bearta glactha a athbhunú. Ní ordófar athbhunú ach amháin más *force majeure* nó imthosca nárbh fhéidir a thuar nó, in aon chás, cúiseanna pearsanta tromchúiseacha ba chúis leis an neamhláithriú nó leis an tréigean.

4. I gcás ina sárófar rialacha an lárionaid, déanfaidh bainisteoir an lárionaid an t-iarratasóir a iomardú go foirmiúil agus, i gcás ina gcomhlíonfar na coinníollacha maidir le cur i bhfeidhm na mbeart dá dtagraítear i mír 2, cuirfidh sé tuarascáil ar na fíorais ar aghaidh chuig an maoracht gan mhoill.'

An díospóid sna príomhimeachtaí agus an cheist a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

19 Is iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta iad AF agus a leanbh, BF, a bhí ina mhionaoiseach tráth na bhfíoras sna príomhimeachtaí, a bhfuil cónaí orthu in ionad cóiríochta in Milano.

20 An 1 Meitheamh 2023, ghlac Maoracht Milano cinneadh lena dtarraingítear siar na dálaí glactha ábharacha i ndáil le AF agus BF ('an cinneadh atá faoi chonspóid sna príomhimeachtaí'). Tugann an chúirt a rinne an tarchur dá haire, cé go dtagraíonn forais an chinnidh sin d'fhíorais éagsúla ar sáruithe ar rialacha an ionaid glactha iad, d'iompar an-fhoréigneach nó d'fhíorais a dhéanann difear do na dálaí incháilitheachta do dhálaí glactha ábharacha, go bhfuil Airteagal 23(1)(a) d'Fhoraithne Reachtach Uimh. 142, a bhaineann le tréigean an ionaid cóiríochta, mar bhunús dlí leis an gcinneadh sin mar sin féin. Baineann an chúirt a rinne an tarchur de thátal as sin go bhfuil tarraingt siar na ndálaí glactha ábharacha sin bunaithe ar dhiúltú leanúnach AF a aistriú, lena leanbh, chuig ionad cóiríochta eile, atá lonnaithe in Milano freisin, arb é is cúis leis go bunúsach go bhfuil cóiríocht atá beartaithe do cheathrar á háitiú ag na hiarratasóirí faoi láthair.

21 Thug AF caingean le haghaidh neamhniú agus iarratas ar bhearta eatramhacha os comhair Tribunale amministrativo regionale per la Lombardia (Cúirt Réigiúnach Riaracháin na Lombairde, an Iodáil), arb í an chúirt a rinne an tarchur í, ag maíomh go bhfuil údar lena dhiúltú aistriú chuig ionad cóiríochta eile toisc go bhfuil staidéar á dhéanamh ag BF gar don ionad cóiríochta ina bhfuil siad lonnaithe.

22 Maíonn AF, mar thoradh ar dhálaí glactha ábharacha a tharraingt siar, nach mbeidh sé in ann freastal ar a bhunriachtanais ná ar bhunriachtanais a linbh mhionaoisigh. I ndáil leis sin, líomhnaíonn sé, *inter alia*, sárú ar Airteagal 21 de Threoir 2013/33 agus ar Airteagal 17 d'Fhoraithne Reachtach Uimh. 142, sa mhéid nach gcuirtear san áireamh leis an gcinneadh atá faoi chonspóid sna príomhimeachtaí go mbaineann sé agus BF leis an gcatagóir 'daoine leochaileacha', sárú ar Airteagal 23(1)(a) d'Fhoraithne Reachtach Uimh. 142, sa mhéid nach cás a chumhdaítear leis an bhforáil sin é an diúltú aistrithe, agus sárú ar Airteagal 20 de Threoir 2013/33, arna léiriú ag an gCúirt ina breithiúnais an 12 Samhain 2019, *Haqbin* (C-233/18, EU:C:2019:956), agus an 1 Lúnasa 2022, *Ministero dell'Interno (Dálaí glactha ábharacha a*

tharraingt siar) (C-422/21, EU:C:2022:616), as a leanann prionsabal ginearálta is infheidhme maidir le gach cás ina dtarraingítear siar dálaí glactha ábharacha, lena n-áirítear i gcás nach bhfuil an tarraingt siar sin de chineál pionóis.

23 Maidir le hiarratas AF ar bhearta idirlinne, dhíbh an chúirt a rinne an tarchur é le hordú an 25 Iúil 2023, ar an bhforas gurbh é an cinneadh atá i gceist sna príomhimeachtaí léiriú ar chumhacht an riaracháin bainistiú na n-ionad cóiríochta a eagrú.

24 Rinne AF achomharc i gcoinne an ordaithe sin os comhair an Consiglio di Stato (an Chomhairle Stáit, an Iodáil), a sheas, le hordú an 22 Meán Fómhair 2023, leis an achomharc sin ar an bhforas go bhféadfadh an cinneadh atá faoi chonspóid sna príomhimeachtaí cearta bunúsacha AF a shárú, go háirithe a cheart rochtana ar bhunriachtanais, amhail bia, cóiríocht agus éadaí.

25 Maidir leis an gcaingean le haghaidh neamhniú, sa chéad áit, sonraíonn an chúirt a rinne an tarchur, chun an reachtaíocht náisiúnta a thabhairt i gcomhréir le hAirteagal 20 de Threoir 2013/33, arna léiriú ag an gcásdlí dá dtagraítear i mír 22 den bhreithiúnas seo, gur leasaíodh Airteagal 23(1) d'Fhoraithne Reachtach Uimh. 142 ionas gur léiriú ar chumhacht lánroghnach anois í cumhacht an údaráis náisiúnta inniúil dálaí glactha ábhartha a chúlghairm, a bhfuil a fheidhmiú faoi réir measúnú sonrach ar thosca ábhartha uile an cháis. Dá réir sin, measann sé, ós rud é go bhfuil an foras maidir le neamh-chomhoiriúnacht na reachtaíochta náisiúnta le dlí an Aontais imithe i léig, nár cheart cur i bhfeidhm na reachtaíochta sin a dhiúltú a thuilleadh. Go háirithe, comhlíontar leis an reachtaíocht náisiúnta prionsabal na comhréireachta anois agus, go háirithe, an gá atá le hargóintí an duine lena mbaineann a chur san áireamh.

26 Sa dara háit, measann an chúirt a rinne an tarchur nár cheart an cinneadh atá faoi chonspóid sna príomhimeachtaí a mheas mar phionós. Sa chás seo, ní raibh sé i gceist ag an údarás inniúil náisiúnta an t-iarratasóir sna príomhimeachtaí a eisiamh ón gcóras glactha, ach é a aistriú chuig ionad cóiríochta eile inar lean sé de chosaint iomlán a bheith aige. Dá bhrí sin, tá tarraingt siar dálaí glactha ábharacha mar thoradh díreach ar a dhiúltú leanúint de thairbhe a bhaint as na dálaí sin in ionad cóiríochta seachas an t-ionad ina bhfuil cónaí air faoi láthair. Ina theannta sin, measann sí go dtagann an staid atá i gceist sna príomhimeachtaí faoi raon feidhme Airteagal 23(1)(a) d'Fhoraithne Reachtach Uimh. 142, ós rud é, amhail an staid dá dtagraítear go sainráite san fhoráil sin, eadhon, i gcás nach dtuairiscíonn an t-iarratasóir ar chosaint idirnáisiúnta don ionad cóiríochta arna ainmniú ag an údarás náisiúnta inniúil nó ina dtréigeann sé é, nach mór diúltú den sórt sin a láimhseáil mar aistriú deonach ón gcóras glactha. Dá bhrí sin, de réir na cúirte a rinne an tarchur, má chaillteár cumas an iarratasóra sin freastal ar a bhunriachtanais mar thoradh ar an diúltú sin, ní chuirtear é i staid atá éagsúil leis an staid ina mbeadh sé dá ndiúltódh sé a bheith san áireamh sa chóras glactha sin, a gceanglófaí i gcónaí leis an gcur i bhfeidhm sin ar an duine lena mbaineann dul isteach sa chóras glactha sin.

27 Sa tríú háit, tugann an chúirt a rinne an tarchur dá haire, ar dtús, go bhforáiltear don chumhacht chun cinneadh a ghlacadh chun coinníollacha glactha ábhartha a tharraingt siar in Airteagal 20 de Threoir 2013/33, agus go bhféadfadh an cinneadh sin a bheith i bhfoirm smachtbhanna, i gcomhréir le hAirteagal 20(4) den Treoir sin, nó i bhfoirm beart riaracháin tar éis mainneachtain na coinníollacha oibiachtúla maidir le rochtain ar choinníollacha glactha ábhartha a chomhlíonadh, i gcomhréir le hAirteagal 20(1) go (3) di.

28 Ina dhiaidh sin, tugann sí faoi deara, i gcomhthéacs na hincháilitheachta do dhálaí glactha ábharacha, gur faoin údarás náisiúnta inniúil atá sé an t-ionad cóiríochta ina mbeidh cónaí ar an iarratasóir a ainmniú agus, i gcás inarb iomchuí, é nó í a aistriú chuig ionad cóiríochta eile, i

bhfianaise na measúnuithe a bhaineann le bainistiú agus eagrú ghlacadh na n-iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta agus, go háirithe, infhaighteacht áiteanna i ngach saoráid chóiríochta. Is léir ón ordú tarchuir, sa chás seo, go bhfuil údar le AF agus BF a aistriú chuig ionad cóiríochta seachas an t-ionad ina bhfuil siad lonnaithe toisc go bhfuil cóiríocht acu atá beartaithe do cheathrar, rud a chomhlíonann riachtanais aonaid teaghlaigh níos mó dá bhrí sin. I ndáil leis sin, tugann an chúirt a rinne an tarchur dá haire, sna himthosca sin, gur chomhlíon an t-údarás inniúil míreanna 49 agus 50 de bhreithiúnas an 12 Samhain 2019, *Haqbin* (C-233/18, EU:C:2019:956), agus Airteagal 20(5) de Threoir 2013/33 trí chinneadh a dhéanamh iad a aistriú chuig ionad cóiríochta eile sa chathair chéanna, áit a bhféadfadh AF agus BF leanúint de thairbhe a bhaint as na dálaí glactha ábharacha. Ina theannta sin, ní raibh údar le diúltú AF d'aistriú chuig ionad cóiríochta eile mar gheall ar neamhdhóthanacht léirithe an ionaid cóiríochta nua i bhfianaise a riachtanas ríthábhachtach, ach mar gheall ar ghaireacht níos mó den mhéid ina gcuirtear cóiríocht ar fáil dó don scoil ar a bhfreastalaíonn BF, nach féidir, dar leis an gcúirt a rinne an tarchur, údar a thabhairt le diúltú den sórt sin, ós rud é go n-áirithítear oideachas BF, in aon chás.

29 Cuireann an chúirt a rinne an tarchur in iúl, mar is léir ó Airteagal 20(1) go (3) de Threoir 2013/33, arna léiriú le breithiúnais an 12 Samhain 2019, *Haqbin* (C-233/18, EU:C:2019:956, mír 44), agus an 1 Lúnasa 2022, *Ministero dell'Interno (Dálaí glactha ábharacha a tharraingt siar)* (C-422/21, EU:C:2022:616, míreanna 37 agus 38), go bhforáiltear leis an Treoir sin go bhféadfaidh na Ballstáit freagairt do mhí-úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as an gcóras glactha trí dhálaí glactha ábharacha a tharraingt siar. Sa chás seo, measann sé gurb ionann diúltú AF agus iompar mí-úsáideach trína mbaineann sé leas as rochtain ar na dálaí sin chun a chríocha féin agus trína gcuireann sé bac, sa chleachtas, ar chumhacht an riaracháin bainistiú na n-ionad cóiríochta a eagrú, go háirithe sannadh thairbhithe na ndálaí sin d'ionad cóiríochta.

30 Dá bhrí sin, de réir na cúirte sin, ós rud é gurbh é tarraingt siar thairbhe na ndálaí sin, sa chás seo, an t-aon bheart a d'fhéadfaí a ghlacadh, ag féachaint don chúis leis an aistriú chuig ionad cóiríochta eile, eadhon méid na cóiríochta atá ag AF agus BF agus an easpa infhaighteacht cóiríochta atá oiriúnaithe níos fearr dá staid san ionad cóiríochta ina bhfuil siad lonnaithe, b'ionann eisiamh birt den sórt sin le hAirteagal 20 de Threoir 2013/33 agus 'bac' ar chumhacht an riaracháin bainistiú na n-ionad cóiríochta a eagrú agus cineál 'cirt fanachta' iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta a bhunú san ionad cóiríochta a ainmníodh ar dtús, gan foráil a dhéanamh dó le dlí an Aontais nó leis an dlí náisiúnta.

31 Sna himthosca sin, chinn Tribunale amministrativo regionale per la Lombardia (Cúirt Réigiúnach Riaracháin na Lombairde) bac a chur ar na himeachtaí agus an cheist seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt le haghaidh réamhrialú:

'An gcuirtear cosc le hAirteagal 20 de Threoir [2013/33], chomh maith leis na prionsabail a leag an Chúirt Bhreithiúnais síos ina breithiúnais an 12 Samhain 2019, [*Haqbin* (C-233/18, EU:C:2019:956)] agus an 1 Lúnasa 2022, [*Ministero dell'Interno* (*Dálaí glactha ábharacha a tharraingt siar*) (C-422/21, EU:C:2022:616)],, a mhéid a eisiatar leo an fhéidearthacht ag údarás riaracháin an Bhallstáit a ordú mar smachtbhanna, bearta glactha a tharraingt siar i gcás ina bhfuil sé d'éifeacht ag an gcinneadh sin bunriachtanais saoil an náisiúnaigh eachtraigh atá ag lorg cosaint idirnáisiúnta agus a theaghlaigh a nochtadh faoi mhíbhuntáiste, ar reachtaíocht náisiúnta lena gceadaítear, tar éis tuairim aonair réasúnaithe a fháil, lena n-áirítear maidir le riachtanas agus comhréireacht an bhirt, glacadh a tharraingt siar ar fhorais seachas smachtbhannaí, ach ar an bhforas nár comhlíonadh na dálaí maidir le ligean isteach dó a thuilleadh agus, go háirithe, mar gheall ar dhiúltú an náisiúnaigh eachtraigh, ar fhorais nach mbaineann le bunriachtanais saoil a shásamh agus le dínit an duine a chosaint, páirt a ghlacadh san aistriú chuig ionad glactha eile,

arna shainaithint ag an riarachán le haghaidh riachtanais eagraíochtúla agus lena n-áirithítear, faoi fhreagracht an riaracháin féin, dálaí glactha ábharacha a chothabháil atá coibhéiseach leo siúd atá [san ionad glactha], dá gcuirfeadh an diúltú aistrithe agus an cinneadh cúlghairme ina dhiaidh sin an náisiúnach eachtrach i riocht nach mbeadh sé in ann bunriachtanais an tsaoil phearsanta agus teaghlaigh a chomhlíonadh?'

An cheist a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

32 Mar réamhphointe, ba cheart a thabhairt faoi deara gur léir ón ordú tarchuir, ar thaobh amháin, gur tharraing an cinneadh atá i gceist sna príomhimeachtaí siar na dálaí glactha ábharacha go léir i ndáil le hiarratasóir ar chosaint idirnáisiúnta agus a leanbh mionaoiseach ar an bhforas gur dhiúltaigh an t-iarratasóir arís agus arís eile aistriú leis an leanbh sin chuig ionad cóiríochta seachas an t-ionad ina bhfuil cónaí orthu agus, ar an taobh eile, go bhfuil an cinneadh sin bunaithe ar fhoráil den dlí náisiúnta lena gcuirtear Airteagal 20(1)(a) de Threoir 2013/33 chun feidhme.

